

**Scoil Náisiúnta Adhámhnáin Naofa**

**Lathaigh**

**Plean Scoile**

**Gaeilge**

## **Scoil Naisiunta Adhamhnáin Naofa Lathaigh**

### **Plean Scoile Gaeilge**

#### **Réamhráiteas**

I ndiadh na laethanta inseirbhíse agus lá pleanála scoilbhunaithe, tháinig an foireann teagaisc le chéile – phléanamar an churaclam athbhreithnithe; rinneamar athbhreithniú ar ár gcleachtas agus chuireamar tús leis an bplean seo.

#### **Fís**

Tá gear gá le plean a bheith ann sa Ghaeilge ionas go mbeidh leanunachas, treoir agus structúr ó naíonáin go rang a sé sna ceithre shnaithe – éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Déanfar forbairt ar cur chuige cumaisáideach dá bharr.

#### **An Plean I gcomhtheács na scoile**

Is scoil dhá oide í an scoil seo lonnaithe faoin tuath. Tá laidreachtaí againn ó thaobh múineadh na Gaeilge de. Tá gaeilge ag na múinteoirí uilig, ta suim ag na múinteoirí san abhair. Tá áiseanna nua againn chun cabhrú linn. Tá dushláin os ár gcomhair – ilranganna agus easpa suime ag cuid de na páistí / tuismitheoirí. In aineoinn na ndeacrachtaí deanfar sár iarracht an churaclam a chur i bhfeidhm ina iomlán.

#### **Aidhmeanna**

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn.
- Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú.
- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge.
- Éisteacht, labhairt, leitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite.
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú

## **Ábhar an Phlean**

Tá an phlean don Ghaeilge eagraithe faoi na ceannteidil seo leanas:

- (a) Feidhmeanna Teanga.
- (b) Snáitheanna an Churaclaim.
- (c) Téamaí, Straitéisí, Modhanna Múinte.
- (d) Áiseanna.
- (e) Gaeilge Neamhfhoirmiúil.
- (f) Éagsúlacht Cumais.
- (g) Comhtháthú le hábhair eile.
- (h) Measúnú.

### **(a) Feidhmeanna Teanga**

S'iad na feidhmeanna teanga croílár an churaclaim. Is gá iad a roghú, a fhobairt, a mhúineadh agus a úsáid. (Feach Aguisín 1)

### **(b) Snáitheanna an Churaclaim**

#### **(bi) Éisteacht**

Beidh na páistí ag éisteacht go neamhfhoirmiúil i rith an lae le Gaeilge agus go foirmiúil sa cheacht. Is trí bheith ag eisteacht le rannta, dánta, amhráin, CD's, tascanna éisteachta a dheánfar seo. Tá sé fíor-thábhachtach cluas an pháiste a oiliúnt conas éisteacht i gceart sa lá atá inniú ann.

#### **(bii) Labhairt**

Beidh béim ar leith curtha ar labhairt na Gaeilge sa scoil as seo amach. Is trí cluichí teanga, drámaíocht, agallaimh, scéalaíocht agus na straitéisí eile a dhéanfar se. Déanfaidh na múinteoirí an-iarracht níos mó Gaeilge a úsáid eatarthu féin. Beidh na páistí ag caint go simplí faoi topaicí a bhfuil speis acu féin iontu.

#### **(biii) Leitheoireacht**

Tá clár ullmhúcháin don litearthacht ann sna naionáin – rannta, cluichí éisteachta, Is í rang a dó a thosófar ar an leitheoireacht le leabhair mhóra/bheaga, nuacht phearsanta agus príonta sa timpeallacht. Bainfear úsáid agus teácsanna leitheoireachta sna hardranganna; dánta, rannta, fíóileabhair, scealta sna leabhair atá in úsáid, srl. (Feach aguisín 2)

#### **(biv) Scribhneoireacht**

Is trí usáid a bhaint as coipeáil frásai agus abairtí bunaithe ar na téamaí, nuacht phearsanta agus cártaí a thosófaí ar an scríbhneoireacht i rang a dó. Seo a leanas liosta de na rudaí a bheidh á scríobh sna hádranganna – ailt, scéalta simplí, cártaí poist, litreacha, teachtaireachtaí, srl. Tá béim ar leith ar litriú agus muineadh na gramadaí sna hardranganna chun chur le proiseás na scríbhneoireachta.

## **Comhtháthú na Scileanna**

Sa scoil seo cuirfear béim ar éisteacht agus labhairt mar bhunús don litearthacht. Déanfaimid iarracht éisteacht/ labhairt / leitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbhairt ar bealach comhtháite.

### **(c) Téamaí, Straitéisí, Modhanna Múinte**

Seo a leanas na téamaí:

- |                     |          |                              |
|---------------------|----------|------------------------------|
| <b>1. Mé Féin</b>   | <b>:</b> | <b>6. An Aimsir</b>          |
| <b>2. Sa Bhaile</b> | <b>:</b> | <b>7. An Teilifis</b>        |
| <b>3. An Scoil</b>  | <b>:</b> | <b>8. Caitheamh Aimsire</b>  |
| <b>4. Bia</b>       | <b>:</b> | <b>9. Siopadoireacht</b>     |
| <b>5. Eadaí</b>     | <b>:</b> | <b>10. Ócaidi Speisialta</b> |

Tá an deich dteáma seo mar an gcéanna ó naíonáin go rang a sé. Ag smaoineamh ar shuim na bpáistí, cuirfear na feidhmeanna teanga ina láthair ag baint úsáide as topaicí oiriúnacha. Bainfear úsáid freisin as réimse modhanna múinte agus eagsulacht straitéisí. (Feach aguisín 3)

### **Modhanna Múinte**

Múinfear an teanga tríd úsáid a bhaint na modhanna múinte.

- **A Modh Díreach** - mar shampla – seo ríomhaire (taspáin ríomhaire agus é á rá)
- **Modh na Sraithe** – mar shampla – d’eirigh mé ar maidin, ghlan mé m’fhiacra, d’ith mé mo bhricfeasta.
- **Modh na Lánfhreagartha Gníomhaí** – mar shampla – éist agus dean – cur suas do lámh, bí ag rith srl.
- **An Modh Closlabhartha** – mar shampla – éisteacht le téipeanna, cds, caint an mhúinteora – cluiche bingo/éist agus tarraing.
- **An Modh Closamharc** – mar shampla – deilbhíní, físeáin, pictúirí ar an gclár idirgníomhachta.
- **Modh na Ráite** – mar shampla – is mise Ciarán----abair é (agus agallaimh ar siúl), is maith liom milseáin-----abair é.

## Stratéisí

Bainfear úsáid as na stratéisí seo a leanas chun seans a thabhairt do na páiste an teanga a chleachtadh.

- ✓ Agallaimh (cómhrá beirte)
- ✓ Cluichí Teanga
- ✓ Druileanna
- ✓ Drámaíocht
- ✓ Físeáin
- ✓ Scéalaíocht
- ✓ Filíocht
- ✓ Amhrán
- ✓ Seanfhocail

### (d) Áiseanna

Seo liosta de na teascleabhair / háiseanna atá in úsáid agus ar fail inár scoil mar thacú do chur i bhfeidhm an churaclam athbhreithnithe.

## Teascleabhair '09-'10

Rang	An Clár
<b>Naí 1, Naí 2 Rang. 1,</b>	<b>Tá an clár Bun go Barr in usáid sa scoil ó Naíonain go dtí Rang 6</b>
<b>Rang 2</b>	
<b>Rang 3</b>	
<b>Rang 4</b>	
<b>Rang 5</b>	
<b>Rang 6</b>	

### Aiseanna Eile

Beidh teascleabhair breise I ngach seomra sa Ghaeilge. Beidh an múinteoir ranga in ann billeoga breise a thabhairt do na paistí do topaiaí éagsúla.

Beidh phacáiste Séideán Sí ar fail sa scoil chun cabhrú leis na múinteoirí agus leis na paistí maidir leis an léitheoireacht sa scoil.

Leabhair filíochta  
Téipeanna agus dlúthdhioscaí  
Postairí

### **(e) Gaeilge Neamhfhoirmiúil**

Moltaí an Ghaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir i rith an lae. Seo samplaí a oireann dúinn sa scoil ---

- Ócáidí rialta i rith an lae – am teachta / imeachta / am rolla / (Feach aguisín 4).
- Teachtaireachtaí.
- Bainisteoireacht ranga.
- Frása na seachtaine ( Feach aguisín 4).
- Seachtain na Gaeilge - Mí Márta.
- Maidín Ghaeilge – cúpla uair sa thearma.

### **(f) Éagsúlacht Cumais**

Tá roinnt phaistí ag freastal ar an múinteoir tacaíocht foghlama / achmhainní. Cé go mbeidh an churaclam ina iomlán ar siúl le gach páiste, cuirfear níos mó béime ar an éisteacht agus labhairt leis na páistí I' ilchumais. Úsáidfear réimse leathan straitéisí agus modhanna múinte chun freastal ceart a dhéanamh orthu freisin.

### **(g) Comhtháthú le hábhair eile**

Is féidir ábhar amháin / cúpla ábhair a roghnú agus frásai, orduithe, moladh no gníomhaíochtaí as Gaeilge a úsáid le linn na gceachtanna sin chomh minic agus is féidir: - **Corp Oideachas, Na hAmharcealaíone, Ceol, Drámaíocht**

### **(h) Measúnú**

Seo na modhanna eágula measúnaithe a úsáidfear sa scoil –

- Dírbhreathnu an mhúinteora
- Tascanna deartha ag an múinteoir
- Bailiúcháin d'obair an pháiste.

### **Pleanáil Ranga**

Déanann na múinteoirí an pleanáil seo.

Pleanáil fhadtéarmach – plean bliana

Pleanáil ghearrthéarmach – aonad oibre.

## **Obair Bhaile:**

Tugtar obair bhaile oiriúnach do na páisti chun seans a thabhairt dóibh an Ghaeilge atá foghlama acu a chleachtadh sa bhaile lena dtuismitheoirí. Tugann sé seans do na tuismitheoirí chomh maith páirt a ghlacadh sa churaclam Gaeilge ag brath ar a gcumas fhéin. Féach ar an bpolasaí ‘Obair Bhaile’.

## **Tuismitheoirí agus an Ghaeilge:**

Tá a fhios againn go bhfuil tábhacht athar cuimse ag baint le ról na dtuismitheoirí chun cabhrú le hobair na scoile. Muna bhfuil muinín ag na tuismitheoirí as a gcuid Gaeilge féin cuidíonn an scoil a chur ina luí orthu cé chomh tábhachtach is atá dearcadh dearfach.

## **Comhionannas**

Beidh deis ag gach páiste sa scoil seo an Ghaeilge a fhoghlaim.

## **Cuir i bhfeidhm**

### **(a) Rólanna agus freagracht:**

Múinteoirí na scoile

### **(b) Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:**

Méan Fomhair 2012

## **Athbhreithniú**

### **(a) Rólanna agus freagracht:**

- Pléfean an plean seo go rialta go neamhfhoirmiúil chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil Curaclam na Gaeilge á cur i gcrích i gceart.
- Déanfaidh foireann na scoile an plean seo a athbhreathnú I gcomhair leis an NCCA ar lá pleanála.

## Frasaí na Seachtain

1. Dia duit.  
Dia is Muire duit.  
Slán.  
Slán leat agus go raibh maith agat.
2. An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?  
Oscail an doras.  
Dún an doras.
3. Las na soilse.  
Múch na soilse.  
Oscail é seo (más é do thoil é) le do thoil.  
Dún é seo más é do thoil é.
4. Tógaigí amach bhur lón.  
Chuir ort do chóta.  
Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
5. Tóg amach an leabhar ... béarla.  
Tógaigí amach bhur leabhair.
6. Much as solas.  
Druid an doras.
7. Stop an caint.  
Eistigí.  
An bhfuil sé ar scoil? Tá / Níl
8. Dia duit.  
Slán leat agus go raibh maith agat.  
An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?
9. Dún an doras más é do thoil é.  
Cuir ort do chóta agus amach leat. (téigh amach)
10. Súigí síos.



Seasaigí suas.  
Bain díot do chóta.  
Ithigí bhur lón.

11. Lámha le chéile.

Lámha trasna.  
Deán deifir.  
Ná bí ag caint.

12. Ar aghaidh libh.

Cuir an bosca lón / leabhar isteach í do mhála.

13. Dia duit / Dia is Muire duit.

Conas atá tú?

Tá mé go maith / Níl mé go maith.  
Tá mé tinn.

14. An bhfuil cead agam dul amach / dul go dtí an leithreas / an bosca bruscair?

Oscail/Dún an doras/fuinneog.  
Las/Múch na soilse.

15. Éistigí.

An bhfuil tú críochnaithe fós?  
An dtuigeann tú? Tuigim / Ní thuigim.

16. An féidir leat an fhuinneog a oscailt?

An féidir leat na cóipleabhair a bhailiú?

17. Níl sé/sí ar scoil.

Seasaigí suas go ciúin.  
Lámha le chéile.

18. Glan an clár bán más e do thoil é.

Tógaigí amach bhur lóin.  
Pioc suas na páipéir.

19. Cuir suas do lámh.

Amach libh.

20. Tá ... a lorg agam. Ba mhaith liom.

Tá ... an suimiúil. An bhfuil cead agam \_\_\_\_\_ a Fháil?

Cuirigí suas na cathaoireacha.

Ná caith bruscar sa chlós.

Isteach leat sa seomra ranga.  
An féidir leat cabhrú liom?  
Caithfimid dul isteach sa líne.  
Ní thuigim.  
Ní féidir liom é a dhéanamh.  
Cad is brí leis an bhfocal sin?  
Thit mé sa chlós.  
Seo nóta duit.  
Feicfidh mé thú amárach.  
Ba mhaith liom .....

Tá brón orm nach bhfuil m'obair bhaile déanta agam